

Breathnaigh na Cathrach

Bailiúchán é seo a chuir Máirtín Tom Bán ar fáil do Bhiseach



1 Pádraig Breathnach, mac le Peaits Breathnach, ina shaighdiúr ar an Rinn Mhór.

2 Pádraig Breathnach agus a bhean Lilly Ní Chinnéide i mBaile Átha Cliath a tógadh an pictiúr sin sna seascaidí.

3 Cáitín Bhoth Chuanna, Mamó Tom Breathnach as an gCathair agus máthair Pheaits, Steve agus Tom Breathnach arbh leo an Crúiscín Lán an lae inniu (Tigh Tim Johnny lá den tsaol).

4 Peaits Breathnach, (athair Tom Bán) agus a bhean, Jude Ní Mhárta an lá a ndeachaigh a mac, Maidhc, go Meiriceá (thart ar 1912).

5 Cóil Bán Breathnach ag fanacht leis an mbus agus é ar a bhealach go Sasana i 1935. Fear a raibh cáil na láidreachta air agus scéalta insithe faoina chuid gaiscí ar Pháirc Chreach Oileáin lá dá raibh. Ach fágfaidh muid sin mar atá sé! Tá Cóil beo beithíoch thall i Sasana go fóill, bail ó Dhia air.

6 Tom Bán Breathnach agus a dheirfiúr, Máire, ar a céad chuairt as Meiriceá i 1979. Mhair sí thall i Meiriceá go raibh sí 99 mbliana d'aois.

7 Iománaithe na Cathrach, ó chlé – Máirtín Tom Bán Breathnach, Colm Mharcais Ó Cualáin, Seán Chorney Ó Conghaile agus Pádraig Tom Bán Breathnach.

Tabhair faoi deara an tráchttaire, Seán Bán, ina shuí go péacach ar an gcathaoir, (gan aon nótaí!).



5




6



7

8 Steve Óg Breathnach agus a chapall Muinice ag déanamh ar an margadh i nGaillimh. Ceaptar gurb shin iad ballaí sheanphríosún na Gaillimhe taobh thiar den charr – an áit a bhfuil an Ardeaglais anois.

9 Seán agus Máirtín Tom Bán as an gCathair agus iad ag baint fhataí siar sna seascaidí. Ar a gcúl ar dheis tá seanteach Bheairtle Thaidhg Gabha Ó Conghaile agus siar uathu ar chlé tá seanteach Phádraig Coyne agus a bhean Máire Tim – tabhair faoi deara gur díon ceann tuí gabhal éadain atá ar an teach sin.



8



9